Leabhar na
hEAGNA

A Ghiúdacha

Lorgaigí an Fhíréantacht,
Foinse na Neamhbhásmhaireachta

1 A rialtóirí an domhain, bíodh grá agaibh don fhíréantacht;
bíodh an-mheas agaibh freisin ar an Tiarna
agus lorgaigí é le hintinn ghlan.
2 Óir is iad na daoine nach mbaineann triail as
a fhaigheann é;
taispeánann sé é féin
do na daoine nach ndiúltaíonn creidiúint ann.
3 Is iad na smaointe mímhacánta
a scarann an duine ó Dhia;
agus nuair a chuirtear féachaint ar a Uilechumhacht
bascann sí lucht na díchéille.

[4] Óir ní rachaidh an eagna isteach in anam cealgach,
ná ní dhéanfaidh sí cónaí
i gcorp atá faoi dhaorbhroid an pheaca.
[5] Teitheann spiorad naofa na dea-oiliúna ón gcamastaíl,
agus tugann sé a chúl le smaointe gan chiall,
agus baintear siar as le teacht na hurchóide.
[6] Spiorad daonnachtúil is ea an eagna
ach ní mhaithfidh sé a bhriathra don diamhaslóir.
Óir tá Dia ina fhinné ar na mianta is doimhne atá ann,
agus breathnaíonn sé a chroí go fírinneach
agus éisteann sé lena chuid cainte.
[7] Mar tá Spiorad an Tiarna
tar éis an domhan go léir a líonadh;
agus is eol dó siúd a choinníonn gach ní le chéile
an uile fhocal a labhraítear.
[8] Ar an ábhar sin ní fhanfaidh duine ar bith i bhfolach
a labhraíonn go héagórach,
agus nuair a thabharfaidh an chóir breithiúnas,
ní scaoilfidh sí thairsti é.
[9] Cuirfear fiafraí ghéar ar sheifteanna an duine aindiaga
agus tabharfar tuairisc do Dhia ar a bhriathra
chun go smachtófar é de dheasca a choireanna.

[10] Óir tá cluais chruinnaireach ag éisteacht le gach uile ní
agus níl cogarnaíl chnáimhseála ar bith a fhágfar faoi cheilt.
[11] Seachnaígí cnáimhseáil éadairbheach;
coinnigí bhur dteanga ón mbéadán;
óir an chaint a dhéantar faoi choim
ní rachaidh sí saor ó phionós,
agus milleann béal bréagach an t-anam.
[12] Ná cuir thú féin i mbaol báis
trí dhul ar seachrán ó bhealach na beatha;
ná tarraing léirscrios anuas ort féin le do mhíghníomhartha.
[13] Mar níorbh é Dia a rinne an bás,
ná ní ábhar áthais dó bascadh na mbeo.
[14] Is amhlaidh a chruthaigh sé gach rud
chun go mairfeadh sé go deo.
Is folláin iad dúile an domhain;
níl aon nimh mharfach iontu,
ná níl aon tiarnas ag ifreann ar talamh.
[15] Is neamhbhásmhar í an fhíréantacht.

Drochdhaoine agus an Bás

16 Ach ghlaoigh daoine aindiaga an bás chucu
lena ngníomhartha agus lena mbriathra araon.
Cheap siad gurbh é a gcara é
agus bhíodh siad ag meath le cumha ina dhiaidh;
rinne siad conradh leis,
ar is iad atá oiriúnach le bheith i bpáirt leis.

2 De dheasca a gclaonmhachnaimh dúirt siad le chéile:
"Is gairid dobrónach é ár saol;
agus nuair a bhíonn an bás ag teannadh leis an duine
ní bhíonn aon leigheas aige air;
ná ní fios ar fhill aon duine ó ifreann riamh.
2 Óir is de thaisme a rugadh sinn, agus san am atá le teacht
beimid amhail is nach rabhamar ann riamh.
Puth deataigh is ea an anáil atá inár bpolláirí
agus níl inár réasún ach spréach a ghineann bualadh ár gcroí.
3 Nuair a mhúchfar í, déanfar luaith dár gcorp
agus scaipfear anáil na beatha
ar nós an aeir neamhsheasmhaigh.
4 Le himeacht aimsire ligfear ár n-ainm i ndearmad
agus ní chuimhneoidh aon duine ar ár ngníomhartha.

Séidfear ár mbeatha chun siúil ar nos dhlaíóg dheiridh scamaill,
agus scaipfear í mar cheobhrán atá á thóraíocht
ag gathanna na gréine
agus á chloí ag a teas.
5 Go deimhin níl inár mbeatha ach scáth a ghluaiseann thart;
agus ní féidir ár mbás a chur ar gcúl, mar tá séala curtha air;
agus níl aon duine a fhilleann ar ais.
6 Téanam ort, mar sin, agus bainimis aoibhneas
as na maitheasaí atá ann.
Bainimis earraíocht as nithe cruthaithe
le díocas dúthrachtach na hóige.
7 Bíodh ár lándóthain againn
d'fhíon costasach agus de chumhráin;
ná fágaimis gan baint go fiú aon bhláth earraigh amháin.
8 Corónaímis sinn féin le cocáin róis súla bhfeofaidh siad;
(ná bíodh aon mhóinéar ann
nach ngabhfaidh ar ndrabhlás tríd).

9 Ná bíodh aon duine againn ann
nach mbeidh páirteach inár ragairne;
fágaimis comharthaí áineasa i ngach uile áit;
óir is é sin ár gcuid agus ár gcinniúint.

[10] Déanaimis leatrom ar an mbochtán fíréanta;
agus ná bíodh trua againn do bhaintreacha;
ná tugaimis ómós do sheanghruaig liath an duine aosta.
[11] Socraíodh ár neartna cad is ceart
óir is léir go bhfuil an lag gan éifeacht.
[12] Déanaimis luíochán roimh an bhfíréan
mar cuireann sé as dúinn,
agus ní áil leis ár ngníomhartha;
casann sé linn ár gcionta in aghaidh an dlí
agus cuireann sé cúl le cine inár leith.
[13] Maíonn sé go bhfuil aithne aige ar Dhia
agus tugann sé mac Dé air féin.
[14] Is ann a fhaigheann ár smaointe a ndaoradh;
is mór an crá croí dúinn bheith ag féachaint air.
[15] Óir is neamhchosúil a shaol le saol daoine eile;
a mhalairt ar fad de nósanna beatha atá aige.
[16] Daoine bréagchráifeacha atá ionainne, dar leis;
coinníonn sé amach uainn mar a sheachnódh sé an brocamas.
Dearbhaíonn sé gurb é an sonas is críoch don fhíréan,
agus go bhfuil Dia aige féin mar athair.
[17] Feicimis mar sin an fíor a ndeir sé:
faighimis amach cén chríoch a bheidh air féin.

18 Más é fíormhac Dé é, déanfaidh Dia é a chosaint
agus a shaoradh ó lámha a naimhde.
19 Cuirimis promhadh air le cruatan agus le céasadh
go bhfeicfimid an cheansacht atá ann
agus go mbainfimid triail as a fhoighne.
20 Daoraimis chun báis náirigh é
mar beidh cabhair le fáil aige –
is é féin a dúirt linn é.”

21 Mar sin a bhí siad ag cur is ag cúiteamh
ach bhí dul amú orthu;
chuir a n-urchóid féin púicín ar a n-intinn.
22 Níorbh eol dóibh na rúin atá ar eolas ag Dia,
ní raibh dóchas acu go bhfaigheadh an ceart a dhíol,
agus go dtabharfaí luach saothair do lucht na dea-bheatha.
23 Ach chruthaigh Dia an duine
chun nach bhfaigheadh sé bás go deo.
Ar dheilbh a nádúir féin a rinne sé é.
24 Trí éad an diabhail tháinig an bás isteach sa saol
agus is iad na daoine atá i bpairt leis-sean a bhlaisfidh é.

Fíréin agus Éagráifigh

3 Tá anamacha na bhfíréan i láimh Dé
agus ní bhainfidh piolóidí leo choíche.
2 Ba dhóigh le lucht na díchéille go raibh siad marbh,
agus measadh gur thubaiste ab ea a mbás,
3 agus gurbh ionann agus díothú a n-imeacht uainn.
Ach is amhlaidh atá siad faoi shuaimhneas anois.
4 Óir bíodh gur fhulaing siad pionós os comhair an tsaoil,
bhí siad lán de dhóchas go mairfidís go deo.
5 Tar éis dóibh beagán smachtaithe a fhulaingt
bronnfar mórán tíolacthaí orthu.
Mar chuir Dia féachaint orthu, agus fuair sé a dhíol iontu.
6 Thástáil sé iad mar ór i bhfoirnéis
agus ghlac sé leo ina n-íobairt lándóite.
7 Ar uair a chuairte drithleoidh siad go lonrach,
agus beidh siad ag gluaiseacht
mar lasracha tríd an gcoinleach.
8 Tabharfaidh siad breith ar chiníocha
agus beidh ceannas acu ar náisiúin
agus beidh Dia féin ina rí orthu go brách.

9 Na daoine a chuireann a muinín ann, tuigfidh siad an fhírinne;
agus na daoine a fhanann dílis dó,
cónóidh siad ina fhochair faoi ghrá;
mar faigheann a phobal tofa grásta agus trócaire uaidh.

10 Ach smachtófar na héagráifigh
de réir mar a thuillfidh a gcuid machnaimh;
mar thug siad faillí san fhíréan(tacht) agus thréig siad an Tiarna.
11 Is díol trua iad na daoine
a chaitheann drochmheas ar an eagna agus ar an smacht;
mar bíonn a ndóchas díomhaoin agus a saothar in aisce acu,
agus a ngníomhartha gan éifeacht.
12 Bíonn a mná céile gan chiall
agus a gclann gan mhaith
agus is mallaithe é a sliocht.

Is Fearr an Aimride ná Sliocht Éagráifeach

13 Is méanar don bhean aimrid atá gan cháim,
don bhean nach raibh cuid aici d'fhear go peacúil riamh;
nuair a dhéanfar scrúdú ar anamacha,
is ansin a bheidh a toradh ar fáil di.

[14] Is méanar chomh maith don choillteán,
nach ndearna aon choir i gcoinne an dlí
agus nár chothaigh drochsmaointe
in aghaidh an Tiarna riamh –
mar de bharr a dhílse bronnfar togha duaise air
agus oidhreacht níos aoibhne fós i dTeampall an Tiarna.
[15] Óir is oirirc é toradh na ndea-ghníomhartha
agus is do-lofa í fréamh na heagna.
[16] Ach ní thiocfaidh clann adhaltrach chun aibíochta choíche;
agus an sliocht a ghintear as comhriachtain neamhdhleathach,
rachaidh siad ar ceal.
[17] Fiú amháin má bhíonn saol fada acu
ní bheidh aon mheas orthu
agus ní thabharfar ómós dóibh ina seanaois.
[18] Agus má fhaigheann siad bás go hóg ní bheidh aon dóchas acu,
ná ní bheidh aon sólás acu ach oiread lá an bhreithiúnais.
[19] Óir is crua í an chríoch
tá i ndán do ghlúin urchóideach.

4 Is fearr aimride gheanmnaí ná é sin;
óir an aimride a gcoimeádtar cuimhne uirthi
tá neamhbhásmhaireacht ag gabháil léi,

mar bíonn ardmheas ag Dia agus ag daoine uirthi.
2 Nuair a bhíonn sí ann déantar aithris uirthi;
ach bíonn cumha ar dhaoine ina diaidh nuair a imíonn sí léi;
gluaiseann sí ar aghaidh go caithréimeach
ar feadh na síoraíochta faoi choróin bláthanna,
mar tá sí tar éis an bua a bhreith léi
i gcomórtas le haghaidh duaiseanna gan cháim.
3 Ach ní bheidh rath ná bail
ar shliocht líonmhar na n-éagráifeach.
Ó fhásann said ó mheatháin bhréige,
ní chuirfidh siad fréamhacha doimhne,
ná ní bheidh greim daingean acu san ithir ach oiread.
4 Óir fiú amháin má chuireann siad craobhacha amach ar feadh tamaill,
bainfidh an ghaoth croitheadh astu,
toisc iad a bheith éadaingean
agus stoithfidh sí óna bhfréamhacha iad lena neart.
5 Brisfear craobhacha craptha díobh;
beidh a dtorthaí gan mhaith;
beidh siad róghlas le hithe
agus gan fiúntas ar bith iontu.
6 Óir an chlann a ghintear
de dheasca comhriachtana neamhdhleathaí,

bíonn siad ina bhfinnéithe ar urchóid a dtuismitheoirí
nuair a dhéantar mionscrúdú orthu.

Bás Anabaí

7 Fiú amháin má fhaigheann an fíréan bás anabaí,
beidh sé faoi shuaimhneas.
8 Óir ní fad saoil a thugann onóir don seanduine
ná ní de réir líon a bhlianta a mheastar é.
9 Ach is í an eagna fíorléithe an duine
agus beatha gan smál a fhíor-sheanaois.
10 Ba ríthaitneamhach le Dia é agus thug Dia grá dó;
agus ó bhí cónaí air i measc peacach, aistríodh é.
11 Fuadaíodh é ar eagla go n-athródh an t-olc a thuiscint
nó go meallfadh an chealgaireacht a chroí.
12 Óir milltear an mhaith le draíocht na baoise
agus truaillíonn seachránacht na hainmhéine an aigne shaonta.
13 In achar ghearr tugadh chun foirfeachta é
sa chaoi gur shlánaigh sé seal mór blianta.
14 Ba thaitneamhach a chroí leis an Tiarna;
ar an ábhar sin thóg sé leis go tapa é ó lár an oilc.

15 Chonaic na daoine é seo ach níor thuig siad é
ná ní mó ná rith sé leo go bhfaigheann muintir thofa an Tiarna
grásta agus trócaire uaidh, agus go dtugann sé aire dá naoimh.
16 Daorann an fíréan marbh na héagráifigh beo,
agus an óige a tugadh chun foirfeachta go tapa,
lochtaíonn sí seanaois bhlianach an drochdhuine.
17 Feicfidh siad bás an eagnaí ach ní thuigfidh siad
céard a bhí ceaptha ag Dia dó
nó cad chuige ar chuir sé ar láimh shábháilte é.
18 Feicfidh siad é agus caithfidh siad drochmheas air
ach déanfaidh an Tiarna gáire fonóideach fúthu.
19 Ina dhiaidh seo mar sin déanfar corpáin gan onóir díobh,
agus beidh siad ina gceap magaidh i measc na marbh go deo;
mar leagfaidh an Tiarna ar lár iad ina mbalbháin
agus bogfaidh sé óna mbonn iad;
scriosfar iad ar fad, agus beidh siad á gcrá
agus rachaidh siad i ndearmad agus i ndíchuimhne.

An Breithiúnas Deireanach

20 Tiocfaidh siad agus eagla a n-anama orthu
an lá a dhéanfar a bpeacaí a áireamh,

agus de dheasca a ndrochghníomhartha
abharfar daorbhreith ina n-aghaidh.
5 An uair úd seasfaidh an fíréan go mórmhuiníneach
os comhair na ndaoine a d'imir géarleanúint air
agus a rinne beag is fiú dá anró.
2 Nuair a fheicfidh siad é, glacfaidh siad scanradh mór
agus cuirfidh a shlánú alltacht orthu,
toisc nach raibh súil ar bith acu leis.
3 Déarfaidh siad le cheile
agus iad faoi bhráca an aithreachais
agus ag osnaíl go léanmhar:
4 "Nach é seo an duine a ndéanaimis
staicín áiféise agus ceap magaidh de?
Le barr díchéille cheapamar nach raibh sa saol a chaith sé
ach buile agus báiní agus gurbh easonórach é an bás a fuair sé.
5 Cad é is cúis leis gur áiríodh ar chlann mhac Dé é
agus go bhfuil a ionad féin aige i measc na naomh?
6 Mar sin de, ní foláir
nó go ndeachamar ar fán ó shlí na fírinne
agus nár shoilsigh solas na fíréantachta dúinn
agus nár éirigh an ghrian orainn.

7 Bhí ár sáith againn de chásain na hurchóide agus an bhasctha;
chuamar ar fán trí fhásaigh dhíbhealaigh
agus níorbh eol dúinn slí an Tiarna.
8 Cárbh fhearrde sinn an t-uabhar?
cén tairbhe a rinne an saibhreas agus an mórtas dúinn?

9 D'imigh na nithe sin go léir ar ceal
mar scáth agus mar scéal reatha,
10 nó mar long a sheolann trí uisce treathnach –
nuair atá sí imithe thart ní bhíonn rian di ar fáil
ná lorg a cíle sna tonnta;
11 nó faoi mar nach bhfaightear fianaise ar bith
de chosán éin a eitlíonn tríd an aer –
is amhlaidh a bhuailtear an t-aer éadrom le buillí a sciathán;
scoiltear é le fuinneamh a ruathair,
agus téitear tríd le corraí a eití
ach ina dhiaidh sin ní bhfaightear
comhartha dá laghad ann dá chursa;
12 nó faoi mar a ghearrtar an t-aer
nuair a chaitear saighead le sprioc,
ach go ndlúthaítear le chéile arís é ar an toirt,
sa chaoi nach léir a bealach tríd;

13 sin mar a bhí an scéal againne –
níor luaithe a rugadh sinn ná d’éagamar
agus ní raibh comhartha ionracais le taispeáint againn.
Óir is i lár ár n-urchóide féin a ídíodh sinn.”
14 Is cosúil dóchas an éagráifigh
le lochán a ardaíonn an ghaoth léi;
agus le cáitheadh mín na farraige,
a thiomáineann an stoirm roimpi,
agus le deatach a scaiptear le hanfa
agus leis an mearchuimhne a choimeádtar ar aoi aon lae.

15 Ach maireann na fíréin go deo;
agus tá a luach saothair i lámha an Tiarna,
agus déanann an Té is Airde cúram díobh.
16 Dá bhrí sin, gheobhaidh siad coróin thaibhseach
agus ceannbheart niamhrach ó láimh an Tiarna;
óir cumhdóidh sé lena dheasláimh iad
agus cosnóidh sé iad lena ghéag láidir.
17 Beidh a ghrá éadmhar mar airm agus éide aige
agus armálfaidh sé gach ar chruthaigh sé
chun díoltas a imirt ar a naimhde.

18 Cuirfidh sé an fhíréantacht air féin mar lúireach
agus an breithiúnas neamhchlaon mar chlogad;
19 glacfaidh sé an naofacht dhochloíte chuige mar sciath.
20 Cuirfidh sé faobhar ar an bhfearg fhíochmar,
chun go mbeidh sí aige mar chlaíomh.
Troidfidh an chruinne ina theannta in aghaidh na ngealt.
21 Bladhmfaidh splancacha tintrí amach go ceart caol díreach
agus léimfidh siad i dtreo na sprice ó na scamaill
amhail is gur caitheadh iad ó bhogha lánlúbtha.
22 Teilgfear clocha sneachta leo go fraochmhar le crann tabhaill;
beidh uisce na farraige ag coipeadh ina n-aghaidh,
agus slogfaidh na haibhneacha iad gan taise.
23 Séidfidh anáil an Uilechumhachtaigh ina n-éadan
agus scuabfaidh sí chun siúil iad mar a scuabfadh stoirm cáith.
Déanfaidh an t-aindlí fásach den domhan go léir
agus leagfaidh an urchóid cathaoireacha prionsaí ar lár.

A Rialtóirí na nGintlithe

Lorgaigí an Eagna

6 Éistigí, mar sin, a ríthe, agus tuigigí.
Foghlaimígí, a rialtóirí na dtíortha is iargúlta.

[2] Tugaigí cluas, sibhse atá i gceannas ar na sluaite daoine
agus atá mórálach as oll-líon bhur ngéillsineach.
[3] Óir is é an Tiarna a thug an ceannas daoibh
agus is ón Té is Airde a fuair sibh an flaitheas.
Cuirfidh sé fiafraí ghéar ar bhur ngníomhartha
agus déanfaidh sé mionscrúdú ar bhur n-intinní.
[4] Mar is sibhse riarthóirí a ríochta,
ach os amhlaidh nár thug sibh breitheanna córa
agus nár chomhlíon sibh an dlí,
agus nár thug sibh bhur saol de réir thoil Dé,
[5] tiocfaidh sé in bhur gcoinne go haduafar tobann;
óir is dian í an bhreith a thugtar ar lucht an cheannais.
[6] Le teann trócaire tugtar maithiúnas don íseal
ach cuirfear fiafraí ghéar ar an uasal.
[7] Ní chúbfaidh Tiarna na nUile roimh dhuine ar bith,
ná níl beann aige ar an mustar,
mar is é a chruthaigh mion agus mór
agus tugann sé an aire chéanna dóibh araon.
[8] Is ea! Déanfar scrúdú dian ar lucht na cumhachta.
[9] Chugaibhse, mar sin, a fhlatha, mo bhriathra
le súil go bhfoghlaimeoidh sibh an eagna
agus nach ndéanfaidh sibh peacaí.

10 Óir naomhófar na daoine
a chaomhnaíonn nithe naofa go cráifeach;
agus na daoine ar múineadh dóibh iad,
gheobhaidh siad cóir chosanta iontu.
11 Bíodh dúil agaibh, mar sin, i mo bhriathra;
bígí ag tnúthán leo agus gheobhaidh sibh múineadh iontu.

An Té a Lorgann Faigheann

12 Is niamhrach domhúchta í an eagna;
na daoine a bhfuil grá acu di,
tugann siad faoi deara í gan dua;
agus na daoine a bhíonn á lorg,
faigheann siad í go furasta.
13 Ligeann sí a haithne roimh ré
leis na daoine a bhfuil dúil acu inti.
14 An té a éiríonn go moch ar a tóir
ní bheidh a shaothar in aisce aige,
mar gheobhaidh sé í ina suí ag a gheataí.
15 Is é barr na tuisceana é machnamh uirthi;
agus an té a dhéanann faire ar a son
is gairid go mbeidh sé saor ó imní.

16 Óir téann sí féin timpeall
ag lorg a díol de dhaoine;
agus le neart dea-mhéine
taispeánann sí í féin dóibh ar na bóithre,
agus gluaiseann sí faoina ndéin
gach uair a smaoiníonn siad uirthi.
17 Óir is é fíorthosach an fheasa fonn foghlama.
Ach músclaíonn cíocras chun foghlama grá di,
18 agus bunaíonn an grá comhlíonadh a haitheanta,
agus is ionann coinneáil a haitheanta
agus urraíocht ar an mbeatha shíoraí.
19 Agus céard í an bheatha shíoraí
ach bheith i láthair Dé?
20 Mar sin de is dúil san eagna
a threoraíonn an duine chun flaithis.
21 Dá bhrí sin, a rialtóirí ciníocha,
má bhaineann sibh aoibhneas as ríchathaoireacha
agus as ríshlata,
tugaigí ómós don eagna chun go mbeidh sibh ag rialú go deo.

Cén Ní í an Eagna

Réamhrá

22 Míneoidh mé daoibh cén ní í an eagna
agus conas a tháinig sí ann.
Ní cheilfidh mé aon rúndiamhra oraibh;
Is amhlaidh a dhéanfaidh mé a lorg óna fíorthosach amach
agus cuirfidh mé eolas soiléir ar fáil ina taobh.
Ní ghluaisfidh mé thar an bhfírinne,
23 agus ní mó ná sin a thaistealóidh mé
i gcuideachta an éada mhífholláin,
mar ní dhéanann an t-éad aon chaidreamh leis an eagna.
24 Is slua saoithe a shlánaíonn an domhan
agus ceannaire ciallmhar a dhaingníonn pobal.
25 Mar sin de, gabhaigí teagasc ó mo bhriathra
agus déanfaidh sé tairbhe daoibh.

Aitheasc Sholaimh

7 Duine básmhar ar nós gach duine eile is ea mise freisin;
shíolraigh mé ón gcéad fhear

a dealbhaíodh as an luaithreach;
ar feadh deich mí múnlaíodh mo cholainn
i mbroinn mo mháthar,
2 i ndiaidh a dlúthú le chéile i bhfuil,
ó shíol fir agus ó sháile an phósta.
3 Nuair a rugadh mé,
tharraing mé isteach anáil den ghnáthaer,
agus thit mé síos ar an talamh,
a bhí d'aon mhianach liom féin;
ar nós cách b'í an chéad fhuaim a rinne mé uaill chaointe.
4 Cuireadh i gcrios ceangail mé
agus oileadh mé le togha an aireachais.
5 Ní raibh rí ar bith ann riamh
a raibh a mhalairt de thosach ar a shaol.
6 Óir, níl ach an t-aon bhealach amháin
isteach sa saol seo ag cách
agus an t-aon bhealach amháin amach as mar an gcéanna.

7 Ghuigh mé, mar sin, agus tugadh bua na tuisceana dom;
rinne mé achainí agus tháinig spiorad na heagna chugam.
8 ba í mo rogha í thar shlata agus thar chathaoireacha ríoga,
agus ba neamhní liom an saibhreas lena hais.

9 Níor chuir mé cloch lómhar ar aon chéim léi,
mar i gcóimheas léi níl in ór an domhain ach beagán gainimh
agus níl san airgead ach láib i gcomórtas léi.
10 B’ansa liom í ná an tsláinte nó an áilleacht
agus b’fhearr liom í ná an solas féin
mar ní mheathfaidh a loinnir go deo.
11 Mar sin féin, tháinig gach maith chugam in éineacht léi
agus fuair mé saibhreas gan áireamh tríthi.
12 Bhí athas orm mar gheall orthu sin go léir,
óir is í an eagna a riarann iad;
ach níorbh eol dom gurbh ise a máthair.

13 Is le hintinn ghlan a d’fhoghlaim mé
agus tugaim uaim gan doicheall;
ní choinním a saibhreas i bhfolach.
14 Óir is stór do-ídithe do dhaoine é;
agus an mhuintir a fhaigheann é
snaidhmeann siad cairdeas le Dia,
mar is taitneamhach leis iad
de bharr na dtíolacthaí a fhaigheann siad óna teagasc.
15 Go dtuga Dia domsa labhairt mar is áil leis
agus meas cóir a bheith agam ar a thabhartais;

óir is é treoraí na heagna agus stiúrthóir na saoithe é.
16 Mar táimid féin agus ár mbriathra
ár dtuiscint agus ár gceardaíocht uile faoina smacht.
17 Óir is é a thug eolas cruinn dom ar a bhfuil ann,
ionas go dtuigfinn comhdhéanamh na cruinne
agus oibriú na ndúl,
18 tosach, deireadh agus lár na n-aimsirí,
sealaíocht na ngrianstadanna agus athrú na séasúr,
19 timthriallta na mblianta agus na réaltbhuíonta,
20 dúchas na n-ainmhithe agus iompar na mbeithíoch allta,
cumhachta gaoth agus smaointe daoine,
saghsanna na bplandaí agus buanna a bhfréamhacha.
21 D’fhoghlaim mé a bhfuil folaithe agus follasach,
22 mar b’í an eagna, ceardaí oilte an uile ní, a mhúin mé.

Moladh na hEagna

Tá spiorad intleachtúil naofa san eagna,
é uathúil, ildánach, grinn,
aclaí, soiléir, gan smál,
cinnte, domhillte, dea-chroíoch, géar,
do-choiscthe, 23 dea-ghníomhach, daonnachtúil,

buanseasmhach, daingean, saor ó imní,
uilechumhachtach, uilebhreathnaitheach,
agus é fite fuaite i ngach uile spiorad
intleachtúil, glan, sárghrinn eile.
24 Is gasta í an eagna ná gach gluaiseacht eile;
de bharr a glaine tá sí fite fuaite i ngach uile ní.
25 Anáil chumhachtach Dé is ea í,
eisileadh fíorghlan ó ghlóir an Uilechumhachtaigh.
Ar an ábhar sin, ní féidir le haon ní salach
téaltú isteach inti.
26 Scáil niamhrach an tsolais shíoraí is ea í
agus scáthán neamhtheimhlithe éifeachtúlacht Dé
agus íomhá a mhaitheasa.
27 Níl inti féin ach aon ní amháin
ach is féidir léi gach uile ní a dhéanamh;
fanann sí istigh inti féin
ach déanann sí gach uile ní a athbheochan.
I ngach uile ghlúin téann sí a chónaí in anamacha cráifeacha
agus déanann sí cairde Dé agus fáithe díobh.
28 Ní ghránn Dia dada
ach an té a chónaíonn i bhfochair na heagna.

[29] Is áille í ná an ghrian;
is gile í ná gach uile réaltbhuíon atá ann.
Má chuirtear i gcóimheas leis an solas féin í
faightear níos lonraí í na é;
[30] mar géilleann an solas don oíche
ach ní sháraíonn an t-olc an eagna choíche.

8 Leathann an eagna go láidir ó imeall go himeall na cruinne
agus riarann sí gach uile ní go maith.
[2] Dise a thug mé gean;
is í a bhí á lorg agam ó m’oige anall;
ba mhian liom í a bheith agam mar nuachar,
óir chuir a háilleacht draíocht orm.
[3] Is maise ar a huaisleacht chine í a bheith ar aontíos le Dia;
tá grá ag Tiarna na nUile di;
[4] Óir ligeadh léi rúneolas Dé
agus is í a roghnaíonn na hoibreacha atá le déanamh aige.
[5] Más earra inmhianaithe é an saibhreas sa saol seo,
cad is saibhre ná an eagna? Nach í a dhéanann an uile ní?
[6] Más gníomhú gaoise atá i gceist,
cé is mó is ceardaí a bhfuil ann seachas í?
[7] Agus má ghránn aon duine an fhíréantacht,
is suáilcí iad torthaí a saothair.

Óir múineann sí an mheasarthacht agus an chríonnacht,
an ceartas agus an chrógacht;
agus níl rud ar bith sa saol seo
atá níos tairbhí do dhaoine ná iad sin.
8 Más mian le haon duine eolas fairsing a fháil,
bíonn iarbhios ar ar tháinig
agus réamhfhios ar a dtiocfaidh aici;
agus tuigeann sí conas nathanna a chumadh
agus tomhaiseanna a réiteach;
comharthaí agus éachtaí,
torthaí na dtráthanna agus na n-aoiseanna,
is eol dise iad go léir.

Tá Gá ag Rialtóirí Léi

9 Ar an ábhar sin, shocraigh mé
ar í a thabhairt chun aontís liom,
mar bhí a fhios agam go dtabharfadh sí dom
comhairle le linn an tséin agus sólás in aimsir na himní
agus an bhróin.
10 Tríthi dar liom, gheobhainn moladh ó na sluaite,
agus dá óige féin mé, thabharfaí gradam dom

i gcomhluadar seanóirí.
11 Nuair a thabharfainn breith, d’aithneofaí géire m’intinne,
agus bheadh meas ag na huaisle orm.
12 Dá bhfanfainn i mo thost, d’fhanfaidís-sean
go dtosóinn ag caint;
agus thabharfaidís aird orm, nuair a labhróinn;
agus dá leanfainn liom ag labhairt ar feadh i bhfad,
leagfaidís lámh ar a mbéal le barr iontais.
13 Tríthi leis gheobhainn bua na neamhbhásmhaireachta
agus bheadh cuimhne orm go deo acu siúd
a thiocfadh i mo dhiaidh.
14 Bheinn i mo rí ar a lán náisiún,
agus chuirfinn mórán ciníocha faoi mo smacht.
15 Thiocfadh critheagla ar thíoránaigh fhíochmhara,
nuair a chloisfidís iomrá orm.
Chruthóinn go maith mar rí i leith mo mhuintire féin
agus bheinn cróga sa chogadh.
16 Nuair a d’fhillfinn abhaile, ligfinn mo scíth ina teannta;
mar ní rachadh mo chaidreamh léi chun searbhais choíche.
Óir, ní buaireamh ach áthas agus lúcháir
a chuireann aontíos léi ar dhuine.

Lorgfaidh Solamh an Eagna

17 Tar éis dom na nithe sin a mheá i m’aigne,
agus a mheabhrú dom féin i mo chroí istigh,
go bhfaightear neamhbhásmhaireacht ó bheith
gaolmhar leis an eagna,
18 agus fíoraoibhneas ó chairdeas a shnaidhmeadh léi
agus saibhreas do-ídithe ó shaothar a lámh,
agus gaois óna comhluadar a thaithí
agus dea-chlú ó chomhrá a dhéanamh léi,
chuaigh mé timpeall chun a fháil amach
cén chaoi a ngabhfainn chugam féin í.
19 Ba thréitheach an leanbh mé féin ó dhúchas
agus thit sé de chrann orm go bhfuair mé anam uasal,
20 nó, ba chirte dom a rá, toisc mé a bheith uasal,
chuaigh mé isteach i gcorp gan smál.
21 Ach ó thuig mé nach raibh aon slí eile ann dom
chun seilbh a fháil uirthi ach go dtabharfadh Dia dom í
– agus ba chomhartha tuisceana é a aithint
cé uaidh a dtiocfadh an tabhartas seo –
d’iompaigh mé chun an Tiarna á agairt
agus dúirt mé leis ó mo chroí amach:

Guí Sholaimh

9 A Dhia ár n-aithreacha agus a Thiarna na trócaire,
a rinne gach ní le do bhriathar,
2 agus a dhealbhaigh an duine le barr eagna,
chun go mbeadh tiarnas aige ar ar chruthaigh tú,
3 agus go rialódh sé an chruinne le naofacht agus le fíréantacht,
agus go mbainfeadh sé feidhm as a údarás le hintinn dhíreach,
4 tabhair dom an eagna sin
a bhíonn ina suí le hais do ríchathaoireach;
ná diúltaigh áit a thabhairt dom i measc do ghiollaí.
5 Mar is mé do sheirbhíseach agus mac do bhanóglaigh,
duine tréithlag gearrshaolach,
ar róbheag í a thuiscint i gcúrsaí cirt agus dlíthe.
6 Óir, dá fhoirfe féin é duine ar bith den Ádhamhchlann,
mura mbíonn an eagna a thagann uaitse aige,
ní bheidh meas ag aon duine air.

7 Is tú a thogh mé le bheith i mo rí ar do phobal
agus i mo bhreitheamh ar do chlann mhac agus iníonacha.
8 D'ordaigh tú dom teampall a thógáil ar do shliabh naofa,
agus altóir sa chathair ina gcónaíonn tú,

macasamhail den bhoth naofa sin
a bhí ullmhaithe agat féin ón tosach.
9 Tá an eagna i do chuideachta;
is eol di d’oibreacha go léir;
bhí sí i láthair nuair a bhí tú ag cruthú na cruinne,
tuigeann sí céard is taitneamhach leat
agus céard is ceart de réir d’aitheanta.
10 Seol amach as na flaithis naofa í;
cuir chugam í ó do ríchathaoir ghlórmhar
chun go mbeidh sí ag cuidiú agus ag comhoibriú liom
i dtreo is go bhfoghlaimeoinn céard is áil leat.
11 Mar tá fios gach feasa aici agus tuigeann sí an uile ní;
treoróidh sí mé go stuama i mo ghnóthaí uile
agus cosnóidh sí mé lena [cumhacht].
12 Ansin beidh mo ghníomhartha taitneamhach leat
agus rialóidh mé do phobal go hionraic
agus beidh ríchathaoir m’athar tuillte agam.
13 Cén duine ar féidir leis fios a fháil ar rún Dé
nó a dhéanamh amach céard is toil leis an Tiarna?
14 Mar, tá réasúnaíocht an duine gan mhaith
agus is guagach í ár n-intinn.

15 Óir tá an corp somhillte ina ualach ar an anam
agus tá an bhoth thalmhaí ina meáchan ar an aigne shuaite.
16 Is ar éigean is féidir linn a bhfuil ar an talamh a thomhas
agus ní gan dua a fhaighimid a bhfuil in aice láimhe.
Cé hé ar féidir dó, mar sin, a bhfuil ar neamh a rianú?
17 Cé a fuair fios ar do rún riamh murar thug tusa an eagna dó
agus murar chuir tú do spiorad naofa chuige ó na flaithis?
18 Sa tslí sin díríodh bóithre mhuintir an tsaoil seo
agus múineadh do dhaoine céard ab áil leatsa,
agus sábháladh iad tríd an eagna.

An Eagna i Stair Iosrael

Ó Ádhamh go Maois

10 Is í an eagna a chosain athair an domhain,
an chéad duine a dhealbhaigh Dia,
nuair nach raibh ann ach é féin,
agus a d'fhuascail é óna choir
2 agus a thug cumhacht dó chun an uile ní a riaradh.
3 Nuair a thréig an drochdhuine í le teann feirge,
bascadh é de dheasca a chuthaigh fhionaíolaigh.

[4] Nuair a tháinig an díle ar an domhain mar gheall air,
shábháil an eagna arís é;
mar thug sí stiúradh don dea-dhuine
trí phíosa beagmhaitheasach adhmaid.

[5] Nuair a bhí na gintlithe ina gcíor thuathail,
toisc iad a bheith ar aon aigne le chéile sa mhallaitheacht,
is í an eagna a d'aithin an dea-dhuine
agus a choimeád saor ó locht é i láthair Dé
agus a chuir ar a chumas gan géilleadh
don trua a bhí aige dá leanbh féin.

[6] Nuair a bhí na héagráifigh á ndíothú,
is í an eagna a tharrtháil an dea-dhuine,
nuair a bhí sé ag teitheadh ón tine
a tháinig anuas ar na cúig chathair,
[7] mar a bhfuil anois, mar chruthú ar a mallaitheacht,
fásach a bhíonn ag cur deataigh uaidh de shíor,
agus plandaí a thugann torthaí uathu nach n-aibíonn riamh,
agus gallán salainn atá mar leacht cuimhne
ar anam díchreidmheach.
[8] Ó nár thug siad aird ar an eagna,
ní hé amháin gur coisceadh iad ón mhaith a aithint,

ach d’fháig siad cuimhne a mbaoise ag an saol freisin
sa chaoi nach bhféadfaí a bhfaillí a cheilt.
9 Ach d’fhuascail an eagna a lucht freastail féin óna dtrioblóidí.
10 Nuair a bhí an dea-dhuine ag teitheadh ó fhearg a dhearthár,
is í an eagna a threoraigh é ar bhóithre díreacha,
agus a thaispeáin ríocht Dé dó,
agus a thug eolas dó ar nithe naofa.
Chuir sí rath ar a shaothar agus rinne sí a chuid oibre torthúil.
11 Nuair a tugadh faoi chalaois a dhéanamh air le barr sainte,
sheas sise ceart dó agus rinne sí fear saibhir de.
12 Chosain sí ar a naimhde é agus chumhdaigh sí é
orthu siúd a bhí ag déanamh luíocháin roimhe;
thug sí an bua i ndianchomhrac dó chun go dtuigfeadh sé
gur cumhachtaí an chráifeacht ná aon ní eile.

13 Níor thréig sise an dea-dhuine
nuair a díoladh ina sclábhaí é;
ach choimeád sí saor ó pheaca é.
14 Chuaigh sí síos sa charcair ina theannta
agus nuair a bhí sé i ngéibheann,
níor fháig sí é gur thug sí dó slat ríoga
agus údarás ar an dream a bhí ag déanamh foréigin air;

thaispeáin sí nach raibh ach lucht éithigh
sa dream a rinne lochtú air
agus thug sí dó clú buanmharthanach.

An tEaxodus

15 Is í an eagna a d'fhuascail pobal naofa, cine gan cháim,
ó náisiún a bhí ag imirt foréigin orthu.
16 Chuaigh sí isteach in anam shearbhónta an Tiarna,
agus sheas sí in aghaidh ríthe aduafara
le héachtaí agus le comharthaí.
17 Thug sí luach a saothair do na dea-dhaoine
agus threoraigh sí ar bhóthar iontach iad;
bhí sí ina scáth dóibh i rith an lae
agus ina réaltbhuíon lonrach dóibh ar feadh na hoíche.
18 Sheol sí iad trasna na Mara Rua
agus thug slán iad trí uisce domhain.
19 Bháigh sí a naimhde ansin,
agus chaith sí aníos arís iad as an duibheagán.
20 Dá thoradh sin bhain na dea-dhaoine a gcuid arm de na héagráifigh,
agus chan siad iomann, a Thiarna, do d'ainm naofa
agus mhol siad do lámh chosantach d'aon ghuth;

21 óir d’oscail an eagna béal na mbalbhán
agus bhronn sí líofacht chainte ar naíonáin.

11 Chuir sí an rath ar a saothar le cuidiú fáidh naofa.
2 Ghluais siad trí dhíthreabh neamháitrithe
agus shuigh siad a mbothanna i bhfásaigh dhíbhealaigh.
3 Sheas siad in aghaidh a naimhde,
chosain siad iad féin ar a lucht ionsaithe.
4 Nuair a bhí tart orthu, ghlaoigh siad ortsa,
agus tugadh uisce dóibh as carraig rite chrua
chun a dtart a mhúchadh.

Uisce mar Shás Slánaithe

5 Na nithe a bhí ina dtrúig smachtaithe dá naimhde,
is tríothu a cuireadh an rath orthusan
nuair a bhí siad i gcruachás.
6 In ionad síorfhoinse na habhann
a suaitheadh agus truaillíodh le fuil théachta,
7 mar dhaorbhreith ar an reacht
a d’ordaigh marú na naíonán,
thug tú do na fíréin flúirse uisce

nach raibh súil acu léi;
[8] tar éis duit a thaispeáint dóibh
tríd an tart a bhí orthu féin san am
conas a smachtaigh tú a naimhde.
[9] Óir nuair a cuireadh féachaint orthu féin –
siúd is gur mhaolaigh an trócaire déine an chéachta –
thuig siad conas a bhí na héagráifigh á gciapadh,
ar tugadh daorbhreith orthu le teann feirge.
[10] Mar rinne tú dream amháin a phromhadh,
ag cur comhairle orthu mar athair;
ach chéas tú an dream eile,
ag tabhairt daorbhreith orthu mar rí cruachroíoch.
[11] Is amhlaidh a bhí siad á gcrá
nuair a bhí siad as láthair [na bhfíréan]
chomh maith céanna agus a bhí siad
nuair a bhí siad ina láthair.
[12] Tháinig brón orthu a méadaíodh faoi dhó
agus thosaigh siad ag éamh
nuair a thug siad chun cuimhne
céard a tharla dóibh.
[13] Óir nuair a chuala siad
gur tháinig rath ar na fíréin

trí bhíthin a gcuid peannaidí féin
thuig siad gurbh é an Tiarna faoi deara é.
14 An té a shéan siad go fonóideach
nuair a caitheadh amach gan cosaint é tráth,
rinne siad iontas de i ndeireadh na dála,
mar níorbh ionann an tart a bhí orthu féin
agus a bhí ar na fíréin.

Uilechumhacht agus Trócaire Dé i gCás na hÉigipte

15 Mar chúiteamh ar a mbaothsmaointe urchóideacha
a chuir ar seachrán iad,
sa chaoi go n-adhraidís péisteanna díchéillí agus feithidí gránna,
scaoil tú scata mór d’ainmhithe éigiallta leo
chun díoltas a imirt orthu,
16 ionas go gcuirfí ina luí orthu
go smachtaítear an duine
leis na nithe a bpeacaíonn sé trína mbíthin.

17 Ní raibh sé thar acmhainn do láimhe uilechumhachtaí,
a chruthaigh an domhan as bunábhar éagruthach
scata mathghamhna nó leoin fhiáine

a shaighdeadh ina n-aghaidh,
18 nó brúideanna nuachruthaithe fíochmhara anaithnide a shá leo,
a bheadh ag séideadh puthanna tintrí anála,
nó ag brúchtaíl bréandeataigh go glórach,
nó ag radadh spréacha aduafara as a súile,
19 agus a d’fhéadfadh iad a dhíothú
ní amháin leis an drochíde a thabharfaidís orthu
ach leis an scéin a chuirfeadh a ndreach orthu chomh maith.
20 Go fiú gan trácht ar na harrachtaigh sin ar aon chor
d’fhéadfaí iad a leagan ar lár
le haon phuth anála amháin,
nuair a rachadh an díoltas sa tóir orthu
agus a cháithfeadh d’anáil chumhachtach féin iad.
Ach ní hé sin an rud a tharla,
mar tá gach uile ní eagraithe agat
de réir tomhais agus lín agus meáchain.

21 Óir is féidir duit cumhacht mhór a usáid i gcónaí,
agus cé a fhéadann cur i gcoinne chumas do chuisle?
22 Mar i do láthair tá an domhan go léir mar dhúradán deannaigh
a chuireann an mheá ó chothrom
agus mar bhraon drúchta a thiteann ar an talamh

go moch ar maidin.
23 Tá trua agat do gach uile ní
mar is féidir leat gach uile ní a dhéanamh;
scaoileann tú tharat peacaí an domhain
le súil go ndéanfaidh siad aithrí iontu.
24 Óir tá grá agat do gach uile ní atá ann
agus ní ábhar déistine duit aon ní dá ndearna tú.
Mar dá mba fhuath leat ní ar bith
ní bheifeá tar éis é a chruthú.
25 Conas a d'fhéadfadh aon ní maireachtáil
murach gur toil leatsa é?
Conas a d'fhéadfaí aon ní a chaomhnú
dá mba rud é nach raibh gairm faighte aige uaitse?
26 Coiglíonn tú gach uile ní mar is leatsa iad,
AThiarna, a chara na mbeo.
12 Óir tá do spiorad domhillte féin i ngach uile ní.
2 Beagán ar bheagán, mar sin,
ceartaíonn tú na daoine a dhéanann peacaí;
cuireann tú a gcionta i gcuimhne dóibh
agus tugann tú rabhadh dóibh fúthu
d'fhonn go scarfar iad ón olc
agus go gcuirfidh siad a muinín ionatsa, a Thiarna.

I gCás Chanán

[3] B’fhuath leat go deimhin seanáitritheoirí do thíre naofa
[4] mar gheall ar na nósanna fíorghráiniúla asarlaíochta
agus na deasghnátha mínaofa a chleachtaídís.
[5] Dúnmharfoirí éadrócaireacha leanaí ba ea iad,
daoine a chaitheadh fleánna íobartacha
a n-itís feoil agus fuil dhaonna lena linn,
daoine a glacadh isteach [i saobhchreideamh mire],
[6] tuismitheoirí a bhásaigh naíonáin gan chosaint lena lámha féin.
Chinn tú ar iad a dhíothú le lámha ár sinsear,
[7] ionas go bhfaigheadh an tír ab ansa leat
thar gach tír eile sa domhan
a dhíol de choilínigh i gclann mhac Dé.
[8] Mar sin féin, ó ba dhaoine iad,
chaith tú leo go trócaireach,
mar sheol tú cearnabháin chucu,
mar réamtheachtairí roimh d’arm
chun iad a dhísciú diaidh ar ndiaidh.
[9] Ní amhlaidh nach raibh sé ar do chumas
a ligean do na fíréin
na héagráifigh a threascairt i gcath riartha

nó iad a dhísciú le beithígh allta
nó le haon fhocal géar amháin ar an toirt.
10 Nuair nár imir tú díoltas orthu
ach diaidh ar ndiaidh, áfach,
thug tú ré aithrí dóibh,
bíodh gur mhaith ab eol duit,
gur tháinig siad de dhrochphór
agus go raibh an urchóid iontu ó dhúchas
agus nach dtiocfadh athrú dá laghad
ar a meon go brách na breithe,
11 mar ba mhallaithe an cine iad ón tosach.
Ní amhlaidh ach oiread
gur le teann eagla roimh dhuine éigin
nár agair tú a ndrochbhearta orthu.
12 Óir cé ar féidir dó a rá leatsa:
“Céard atá déanta agat?”
Nó cé a chuirfidh in aghaidh do bhreithiúnais-sé?
Cé a chúiseoidh thú i ndíothú ciníocha
ar tú féin a chruthaigh iad?
Nó cé a thiocfaidh os do chomhair sa chúirt
chun cúis choirpeach a agairt leat?

[13] Níl aon Dia eile ann seachas thú féin
a bhfuil cúram na cruinne air
le go gcaithfeá-sa a chruthú dó
nár thug tú breith éagórach uait riamh.
[14] Ní féidir le rí nó le tíoránach ar bith
aghaidh a thabhairt ort ach oiread
mar gheall orthu siúd a smachtaigh tú.
[15] Ach ós cóir tú féin, is go cóir a riarann tú gach ní,
mar is é do mheas nach mbeadh sé ag teacht le do chumhacht
aon duine a dhaoradh nach mbeadh pionós tuillte aige.
[16] Óir is í do chumhachtsa tobar na córa;
is é an tiarnas atá agat ar an uile ní
a thugann ort iad go léir a choigilt.
[17] Taispeánann tú do chumhacht
nuair nach dtugtar aitheantas d’iomláine do nirt
agus daorann tú sotal na ndaoine a bhfuil eolas acu air.
[18] Ach cé go bhfuil cumhacht iomlán agat
is cneasta an bhreith a thugann tú
agus rialaíonn tú sinn le trócaire.
Óir, cibé uair is toil leat é,
is féidir duit do chumhacht a chur i bhfeidhm.

Ceacht

19 Mhúin tú do do phobal leis na bearta sin
nach foláir don fhíréan bheith cineálta;
agus chuir tú dóchas láidir i gcroíthe do chlainne
de bhrí go dtugann tú maithiúnas i bpeacaí.
20 Óir má chuir tú pionós ar naimhde do sheirbhíseach féin
– daoine a raibh an bás tuillte acu –
lena leithéid sin de chúram agus de bhoigéis,
agus cairde agus caoi á dtabhairt agat dóibh
chun an urchóid a chur díobh,
21 nach go géarchúiseach chomh maith
a thug tú breith ar do mhuintir féin,
dream a ndearna tú lena sinsir conarthaí faoi mhionn
a raibh gealltanais iontu a bhí ag tuar na maitheasa?
22 Mar sin de, tugann tú ceacht dúinne
nuair a smachtaíonn tú ár naimhde [le barr measarthachta],
le hionchas go ndéanfaimid dianmhachnamh ar do chineáltas
nuair a bheidh breith á tabhairt againn,
agus go mbeimid ag súil le trócaire uaitse,
nuair a bheidh breith á tabhairt orainn féin.

Smachtú na nÉigiptigh

23 Dá bhrí sin, na drochdhaoine a bhí ag tabhairt a saoil le baois,
chiap tú iad lena n-íola gráiniúla féin,
24 mar bhí siad tar éis dul rófhada ar strae ar an mbóthar mícheart.
Is amhlaidh a mealladh iad mar pháistí baotha
sa chaoi go raibh meas déithe acu
ar na hainmhithe ba tháire agus ba shuaraí a bhí ann.
25 Dá dheasca sin, chuir tú mionphionós orthu ar dtús
chun fonóid a dhéanamh fúthu mar a dhéanfá faoi pháistí gan chiall.
26 Ach nuair nár cuireadh comhairle orthu
le mionphionóis a d'oirfeadh do pháistí,
bhí pionós le fulaingt acu ab fhiú do Dhia a ghearradh orthu.
27 Óir, nuair a bhí siad ag fulaingt,
tháinig olc orthu chun na nithe ar mheas siad gur dhéithe iad
de bhrí gur tríothu-san a smachtaíodh iad;
rud eile, chonaic siad agus d'aithin siad gurbh é an fíorDhia é
an té a raibh siad tar éis diúltú dó roimhe sin.
Sin é an fáth ar gearradh orthu an pionós ba dhéine dá raibh ann.

Cultas an Dúlra

13 Is baoth ó nádúr iad na daoine go léir a bhí aineolach ar Dhia
agus nach raibh sé ar a gcumas fios a fháil
ar an Té Atá Ann, ó na nithe maithe atá le feiceáil
agus nár chuir aithne ar an gceardaí
trí mhachnamh a dhéanamh ar a oibreacha,
2 ach a cheap gur dhéithe a rialaíonn an domhan iad
an tine nó an ghaoth nó an t-aer mear
nó ciorcal na réaltaí nó an t-uisce suaite nó soilse neimhe.
3 Má mheas siad gur dhéithe iad na nithe seo
toisc gurbh ábhar aoibhnis dóibh a n-áilleacht,
bíodh a fhios acu a oiread is atá a máistir níos fearr ná iad,
óir is é údar na háilleachta a chruthaigh iad.
4 Má chuir a gcumhacht agus a n-éifeacht ionadh orthu
tuigidís uathu a oiread is atá a ndealbhóir níos láidre ná iad.
5 Mar ó mhéid agus ó áilleacht nithe cruthaithe
cuirtear eolas ar a ndéantóir go hanalachúil.
6 Ach mar sin féin is beag is inlochtaithe iad na daoine seo.
Óir b'fhéidir nach ndéanann siad ach dul ar seachrán
agus iad ag lorg Dé agus dúil acu lena fháil.

[7] Ag maireachtáil dóibh i measc a oibreacha leanann siad orthu á mionscrúdú.
Ach is amhlaidh a chuireann a ndealramh cluain orthu
toisc gurb álainn iad na nithe atá le feiceáil.
[8] Ach arís, fiú amháin iad seo, níl siad inleithscéil.
[9] Óir, má bhí sé ar a gcumas an oiread sin feasa a fháil,
gurbh fhéidir leo tuairimíocht a dhéanamh faoin saol,
cén fáth nár chuir siad aithne ar mháistir na nithe seo níos luaithe?

An tÍoladhradh

[10] Baothdhóchas atá bunaithe ar nithe marbha, áfach,
is ea dóchas an dreama a thugann déithe ar nithe
a rinne lámha daoine:
ar ór agus ar airgead, a múnlaíodh go healaíonta
chun íomhánna d'ainmhithe a dhéanamh,
nó ar cheap cloiche gan mhaith,
a dhealbhaigh lámha snoíodóra éigin fadó.
[11] Mar shampla, gearrann saor adhmaid éigin
crann so-oibrithe anuas;
feannann sé an choirt go léir de go deaslámhach;
agus le barr ceardaíochta déanann sé soitheach áisiúil as
chun riaradh ar riachtanais laethúla na beatha.

12 Ansin, baineann sé feidhm as an dramhadhmad
chun béile a ullmhú dó féin, agus itheann sé a sháith.
13 Agus má bhíonn blogh den dramhadhmad fágtha
nach bhfuil maitheas ar bith ann
toisc é a bheith cam agus lán d'fhadharcáin,
tógann sé ina láimh é agus tosaíonn sé ar é a ghearradh
leis an neamhaire sin a ghabhann le tráth scíthe;
agus snoíonn sé le ceardachas slamchúiseach é
agus cuireann sé cló duine air b'fhéidir,
14 nó déanann sé mionsamhail d'ainmhí suarach éigin de.
Ansin, smearann sé ócar air
agus deargann sé a dhromchla le breasal
nó go gclúdaíonn sé gach máchail atá air.
15 Déanann sé cillín dó ansin agus greamaíonn sé don bhalla é
á dhaingniú ann le bacán iarainn.
16 Bíonn air seiftiú a dhéanamh roimh ré ar a shon,
más ea, ar eagla go dtitfeadh sé;
óir is eol dó nach féidir leis déanamh dó féin;
mar, níl ann, tar éis an tsaoil, ach íomhá,
a mbíonn géarghá aige le cabhair i gcónaí.
Ina dhiaidh sin agus uile, nuair a dhéanann sé urnaí
ar son a mhaoine nó a mhná céile nó a chlainne,

ní náir leis labhairt le rud gan anam.
Iarrann sé sláinte ar lagrachán agus lorgann sé
beatha ó mharbhán;
iarrann sé cabhair ar rud atá go fíor-neamhoilte ar fad,
agus turas faoi rath ar rud nach féidir dó cos leis a bhogadh.
Impíonn sé ar rud a bhfuil lámha gan éifeacht ar bith aige,
éifeacht a bhronnadh air
i cúrsaí brabaigh agus trachtála agus lámhcheardaíochta rathúla.

14 Arís, nuair a bhíonn duine ag ullmhú le haghaidh aistear mara,
agus é ar tí seoladh amach san fharraige chraosach,
éann sé ar smut adhmaid atá níos sobhriste
ná an long a iompróidh é.
2 Ba dhúil sa bhrabach a cheap an long seo
agus b'í an eagna an saor a thóg í.
3 Ach is í d'oirchillse, a athair, a stiúrann í.
Óir rinne tú bóthar fiú amháin san fharraige féin,
agus réitigh tú bealach sábháilte tríd na tonnta.
4 Ar an gcuma seo taispeánann tú gur féidir duit
daoine a tharrtháil ón uile bhaol,
sa chaoi go bhféadann duine
nach bhfuil scil ar bith aige dul ar bord loinge.

[5] Óir, na gléasanna a cheapann d’eagna-sa,
is mian leat nach bhfágfaí díomhaoin iad.
Ar an ábhar sin taobhaíonn daoine a mbeo
go fiú le blúire adhmaid atá an-bheag ar fad,
agus tar éis dóibh seoladh tríd an bhfarraige shuaite ar rafta
baineann siad a gceann scríbe amach gan bascadh gan bárthain.
[6] Fiú amháin i dtús an tsaoil,
nuair a bhí na fathaigh uaibhreacha á ndíothú,
d’éalaigh dóchas an domhain ar bord rafta
agus faoi threoir do láimhe-sé d’fhág sé síol ag an saol
a bhfásfadh cine nua as.
[7] Óir is beannaithe an t-adhmad
a n-eascraíonn an fhíréantacht as.
[8] Is mallaithe an t-íol lámhdhéanta
agus an fear a shnoigh é freisin,
mar gurbh eisean a rinne an obair
agus gur tugadh “Dia” ar an rud somhillte féin.
[9] Is fuath le Dia an t-éagráifeach féin
agus tá a chuid éagráifeachta chomh fuafar céanna aige.
[10] Go deimhin, cuirfear pionós ní amháin ar an rud a rinneadh
ach ar an bhfear a rinne é chomh maith.

[11] Ar an ábhar sin imreofar díoltas ar íomhánna na bpágánach leis
mar, bíodh gur cuid de chruthaíocht Dé iad,
tá an dearg-ghráin aige orthu;
óir níl iontu ach ceap tuisle don ghnáthdhuine,
agus bobghaiste do chosa amadán.

Fréamh an Íoladhartha

[12] Is é ceapadh íol tosach na drúise
agus is é a n-aimsiú truailliú na beatha.
[13] Ní raibh siad ann i dtús báire
agus ní bheidh siad ann i gcónaí.
[14] Trí bhaothdhíomas daoine a tháinig siad isteach sa saol
agus tá críoch thobann ceaptha dóibh.
[15] De dheasca bhás anabaí a mhic a sciobadh uaidh go tobann,
bhí de chumha ar a athair go ndearna sé dealbh de,
agus ansin gur thug sé an onóir is dual do Dhia amháin
do dhune a bhí tar éis bháis,
agus gur fhág sé searmanais agus deasghnátha rúnda
le cleachtadh ag a chleithiúnaithe.
[16] Ansir le himeacht aimsire neartaigh ar an nós éagráifeach seo
nó go raibh feidhm dlí aige,

ags go dtugtaí adhradh d’íomhánna greanta ar ordú prionsaí.
17 Ansin nuair nárbh fhéidir le daoine
onóir a thabhairt do rialtóirí ina láthair
toisc iad a bheith ina gcónaí i bhfad ar shiúl,
shamhlaigh siad dóibh féin cló an rí a bhí i bhfad uathu,
ach ar mhian onóir a thabhairt dó,
agus rinne siad dealbh shofheicthe de
chun go ndéanfaidís lútáil go díograiseach leis an té
a bhí as láthair amhail is go raibh sé i láthair.
18 Ansin chun an cultas seo a neartú ghríosaigh
ceardaithe glóirmhianacha
fiú amháin daoine nárbh aithnid dóibh an rí ar aon chor.
19 Óir de bhrí, b’fhéidir, gur mhian leo
sásamh a thabhairt don rialtóir,
chuireadh siad cló níos deise fós ar an íomhá
le cuidiú a gcuid ceardaíochta.
20 Dá bharr sin, chuir áilleacht na healaíne
draíocht ar na gnáthdhaoine,
sa chaoi gur cheap siad gur cheart dóibh
ábhar adhartha a dhéanamh den té a raibh siad
tar éis onóir a thabhairt dó tamall gearr roimhe sin mar dhuine.

[21] Bhí sé seo ina bhobghaiste do dhaoine;
óir nuair a bhí siad faoi bhráca an bhróin,
nó faoi chuing na tíorántachta, thug siad an tAinm dorannta
ar chlocha agus ar cheapa adhmaid.

Deasca an Íoladhar tha

[22] Ansin níor leor leo dul amú maidir lena gcuid eolais ar Dhia;
ach cé go maireann siad i lár chogadh mór aineolais
tugann siad síocháin ar a leithéid sin d'olloilc.
[23] Óir, cibé acu a chleachtann siad
deasghnátha tionscanta naíonmharaithe,
nó a bhíonn siad páirteach i searmanais rúnda,
nó a dhéanann siad pléaráca drabhlásach buile,
[24] ní choimeádann siad a mbeatha ná a bpóstaí slán
gan cháim níos mó.
Ach déanann fear luíochán ar fhear eile
agus maraíonn sé é;
nó meallann sé a bhean chéile chun adhaltranas a dhéanamh leis
agus cuireann sé brón agus buairt air dá bharr.
[25] Tá gach uile shórt trína chéile;
níl le feiceáil ach doirteadh fola agus feallmharú,

gadaíocht agus caimiléireacht, lofacht agus mídhílseacht,
clampar agus mionnú éithigh,
[26] buairt á cur ar dhaoine macánta, míbhuíochas,
truailliú anamacha, collaíocht mhínádurtha,
ainrialtacht i gcúrsaí pósta, adhaltranas agus ainriantacht.
[27] Óir adhradh íol, nár cheart fiú amháin a n-ainmneacha a lua,
tús agus cúis agus críoch an uile oilc.
[28] Mar téann a lucht adhartha as a meabhair
le barraíocht scléipshuilt,
nó déanann siad tairngreachtaí bréagacha,
nó maireann siad go hainfhíréanta,
nó tugann siad mionnaí bréige go meargánta.
[29] Óir de bhrí gur neamhbheo iad na híola
a gcuireann siad a muinín iontu,
is dóigh leo, nuair a dhéanann siad mionnú éithigh,
nach ndéanfaidh sé sin aon dochar dóibh.
[30] Ach bainfear cúiteamh astu ar dhá chúis:
toisc go raibh drochmheas acu ar Dhia
agus gur thug siad ró-aird ar íola,
agus toisc gur mhionnaigh siad go héagórach le teann cluaine
agus go ndearna siad a bheag den fhíorchráifeacht.

31 Óir ní hí cumhacht na nithe a mionnaítear astu
ach an pionós atá tuillte ag peacaigh
a bhíonn ag síorbhagairt ar chionta na n-éagráifeach.

Níl Iosrael Ciontach Ann

15 Is cneasta, dílis, fadfhulangach thú, a Dhia linn,
agus rialaíonn tú a bhfuil ann le barr trócaire.
2 Má pheacaíomar féin, is leatsa sinn
agus is eol dúinn do chumhacht;
ach ní dhéanfaimid aon pheacaí feasta,
mar is eol dúinn go n-áirítear sinn ar do mhuintir.
3 Óir is í iomláine na fíréantachta í aithne a bheith ag duine ort;
agus is í fréamh na neamhbhásmhaireachta í
eolas a bheith ag duine ar do chumhacht.
4 Níor chuir aon dealbh bhaothealaíonta daoine amú sinn
ná aon saothar díomhaoin péintéirí
ná íomhá éigin a bhí smeartha le dathanna éagsúla,
5 sa chaoi, nuair a fheiceann amadán éigin iad,
go músclaítear antoil bhuile ann
agus go gcuireann sé dúil i gcruth neamhbheo deilbhe mairbhe.

6 Na daoine a dhéanann na híola seo, agus a chuireann dúil iontu,
agus a thugann adhradh dóibh, gránn siad an t-olc
agus tá sé tuillte acu gan aon ní níos fearr ná iad a bheith acu
a d'fhéadfaidís a muinín a chur astu.

Is Baoth iad Lucht Déanta Íol

7 Agus seo sampla eile fós:
Fuineann an criadóir an chré bhog le mórán dua;
ansin múnlaíonn sé gach sort árthaigh aisti mar áis dúinn;
is as an gcnap céanna cré a mhúnlaíonn sé
ní amháin na hárthaí a fhónann do ghnóthaí glana
ach na cinn freisin a mbaintear malairt feidhme astu;
mar sin féin, is ar an gcuma chéanna a dhéantar iad go léir.
Is é an potaire féin, áfach, a shocraíonn
cé acu de na feidhmeanna seo a bhíonn ag gach árthach díobh.
8 Ansin le dua éigríonna múnlaíonn sé dia díomhaoin
as an gcré chéanna,
siúd is gur fear é féin a rinneadh as an talamh
tamaillín roimhe sin,
agus a fhillfidh arís ar ball beag ar an talamh ar tógadh as é,

nuair a iarrfar air an t-anam a fuair sé ar iasacht
a thabhairt ar ais.
9 Ach is róchuma leis-sean go bhfuil an bás i ndán dó,
ná gur gearr é an saol a bheidh aige abhus.
Is amhlaidh a théann sé ag iomaíocht le hórcheardaithe
agus le gaibhne geala,
agus déanann sé aithris ar ghaibhne copair
agus ceapann sé gur mór an clú dó é dealbha bréige a mhúnlú.
10 Tá a chroí ina luaithreach,
is suaraí ná an chréafóg a dhóchas,
agus is anuaisle ná an láib féin a bheatha.
11 Óir ní aithnid dó an té a mhúnlaigh é,
agus a shéid anam bíogúil isteach ann
agus a chuir anáil na beatha faoi.
12 Is amhlaidh a mheasann sé nach bhfuil inár saol ach siamsa
agus gurb ionann ár mbeatha agus aonach brabachóireachta.
“Óir ní foláir do dhuine,” deir sé,
“brabach a dhéanamh ar ais nó ar éigean.”
13 Is eol don fhear seo thar aon duine eile go bhfuil
peaca á dhéanamh aige,
nuair a dhéanann sé árthaí sobhriste agus íola as cré na talún.

Baois na nÉigiptigh

14 Naimhde uile do phobailse,
iad siúd go léir a d’imir ansmacht orthu,
tá siad an-díchéillí ar fad
agus is truamhéilí ina meon iad ná naíonán somheallta.
15 Mar cheap siad gur dhéithe iad íola uile na bpágánach,
d’ainneoin go bhfuil súile acu nach bhfeiceann
agus polláirí nach dtarraingíonn anáil
agus cluasa nach n-éisteann
agus meara nach mothaíonn
agus cosa nach féidir leo siúl.
16 Óir is duine daonna a rinne iad
agus neach ar tugadh a anam ar iasacht dó a mhúnlaigh iad;
níl sé ar chumas aon fhir bheo dia a dhealbhú
a bheidh cosúil leis féin.
17 Mar tá sé féin so-mharaithe,
agus is marbh é an rud a dhéanann sé lena lámha
go mídhleathach.
Óir is fearr é féin ná na nithe a adhrann sé;
ar a laghad ar bith tá seisean beo; ní bheidh siadsan beo go deo.

Oirchill Dé le linn na bPlánna

Ainmhithe Díobhálacha, Gearra Goirt

18 Adhrann [naimhde do phobailse] ainmhithe,
agus go fiú na hainmhithe is gráiniúla ina measc;
nuair a mheastar na hainmhithe seo ó thaobh na héigéille de,
is measa iad ná na hainmhithe eile go léir.
19 Fiú amháin mar ainmhithe, níl dealramh
chomh dathúil sin orthu
go gcuirfeadh aon duine dúil iontu;
thairis sin, níor tháinig moladh nó beannacht ó Dhia riamh ina dtreo.

16 Dá dheasca sin, uile, cuireadh an pionós a bhí tuillte acu
ar na daoine seo le hainmhithe den chineál céanna
agus ciapadh iad le sluaite feithidí.
2 In áit na pianpháise seo, áfach,
is amhlaidh a chuir tusa comaoin ar do phobal féin;
d'ullmhaigh tú gearra goirt mar bhia dóibh,
mar shócamais a shásódh an goile géar a bhí acu,
3 ionas, nuair a bhuailfeadh fonn ite an dream eile úd,
go mbainfeadh na hainmhithe urghránna a chuirfí chucu, díobh
fiú amháin an goile nádúrtha a bhí acu don bhia

a bhí riachtanach dóibh
agus ar an taobh eile de go mbeadh
sócaimis le hithe ag do phobal féin
tar éis dóibh bheith ar an ngannchuid ar feadh tamaillín.
[4] Óir ba ghá go bhfágfaí ganntanas doleigheasta
ar na tíoránaigh úd,
ach níor ghá ach go dtaispeánfaí do do phobal féin
conas a bhí a naimhde á gciapadh.

Péisteanna, Lócaistí, Cuileoga, an Nathair Chré-Umha

[5] Scaoileadh cuthach fíochmhar beithíoch allta faoi do phobal freisin,
agus bhí siad á ndíothú ag cealga na nathracha lúbarnacha,
ach níorbh fhada gur tháinig maolú ar do chuid feirge.
[6] Ba mar rabhadh dóibh a cuireadh imeagla orthu
ar feadh tamaillín,
ach tugadh comhartha slánaithe dóibh ansin
chun go gcoinneoidís cuimhne ar aitheanta do dhlíse.
[7] Óir gach duine a thug a aghaidh ar an gcomhartha seo,
ní tríd an rud a chonaic sé a sábháladh é,
ach tríotsa, slánaitheoir na n-uile.

[8] Leis an gcomhartha seo chomh maith
chuir tú ina luí ar ár naimhde,
gur tusa amháin a shaorann daoine ó gach olc.
[9] Óir maraíodh iad siúd le cealga lócaistí agus cuileog
agus bhí sé tuillte acu go bpionósfaí iad
lena leithéid sin d'fheithidí.
[10] Níor cloíodh do chlann mhac féin, áfach,
le fiacla nathracha nimhe,
mar tháinig do thrócaire i gcabhair orthu, agus leigheasadh iad.
[11] Cealgadh iad ar ndóigh,
i dtreo go gcoinneoidís cuimhne ar do chuid oracal;
ach is go tapa a tarrtháladh ansin iad,
ar eagla go mbéarfadh díchuimhne dholeigheasta greim orthu,
agus go dtarraingeofaí a n-intinn ó do chineáltas.
[12] Ní luibh ná ceirín a shlánaigh iad
ach do bhriathar féin amháin, a Thiarna,
a leigheasann an uile ní.
[13] Is agatsa amháin atá cumhacht ar bhás agus ar bheatha daoine.
Seolann tú síos go geataí ifrinn iad agus aníos arís.
[14] I dtaca leis an duine de, áfach,
d'fhéadfadh sé duine eile a mharú le corp mailíse,
ach níl sé ar a chumas an spiorad atá imithe a thabhairt ar ais

nó an t-anam atá gafa a scaoileadh saor.
15 Ach ní féidir éalú ó do láimhse.

Báisteach, Tine, Cloch Shneachta, an Manna

16 Óir dhiúltaigh na héagraifigh géilleadh duit;
dá dheasca sin, thug do chuisle chumhachtach sciúrsáil dóibh,
agus ciapadh iad le ceathanna uafásacha báistí agus cloch shneachta
a tháinig anuas orthu ina nduartan, agus ídíodh iad go hiomlán le tine.
17 Agus b'é an rud ab aistí orthu go léir
gur mhóide éifeacht na tine í a bheith san uisce,
rud ar dual dó gach uile ní a mhúchadh;
ar ndóigh troideann an chruinne féin ar son na bhfíréan.
18 Uaireanta, mhaolaigh ar na lasracha úd
ionas nach n-ídeodh siad na hainmhithe,
a seoladh in aghaidh na n-éagráifeach,
ach go dtuigfidís, nuair a d'fheicfidís é seo,
gurb í daorbhreith Dé a bhí ar a dtí.
19 Uaireanta eile, fiú amháin i lár an uisce,
bhí na lasracha níos tréine ná gnáththine,
sa chaoi go scriosfaidís barra na talún mallaithe.

[20] Ina ionad sin go léir, áfach,
chothaigh tú do phobal féin le bia aingeal,
agus chuir tú arán chucu ó neamh
nár sholáthraigh siad féin lena gcuid oibre
ach a bhí cóirithe dóibh cheana féin,
agus a raibh gach uile shuairceas ann,
sa chaoi go bhfaigheadh cách blas air.
[21] Óir, an lón seo a chuir tusa ar fáil,
thaispeáin sé chomh lách is a bhí tú le do phobal;
is amhlaidh a réitigh sé le goile gach duine a chaith é
mar athraíodh é de réir mar ba mhian le cách.
[22] Sheas an sneachta agus an t-oighear an tine,
agus níor leáigh siad ionas go mbeadh a fhios ag do phobal féin
go raibh torthaí a naimhde á n-ídiú ag an tine
a bhí ag bladhmadh sa chloch shneachta,
agus ag spréacharnach sna múrtha báistí.
[23] Rinne an tine chéanna seo dearmad ar a mhianach féin,
i dtreo go gcothófaí na firéin.

[24] Óir, ag freastal di ortsa, an cruthaitheoir,
luíonn an chruthaíocht amach uirthi féin chun drochdhaoine a smachtú,
ach maolaíonn sí a fuinneamh ar mhaithe leo siúd

a chuireann a muinín ionatsa.
25 Ar an ábhar sin, an uair úd féin,
tháinig an uile shaghas athrú uirthi
de réir do chuid flaithiúlachta uilechothaithí,
ionas go sásódh sí dúil na ndaoine a bhí ag éamh ort,
26 agus go bhfoghlaimeodh do chlann mhac féin, a Thiarna,
a raibh an oiread sin grá agat dóibh,
nach é táirgeadh torthaí a chothaíonn an duine
ach gurbh é do bhriatharsa a chaomhnaíonn a bhfuil
a muinín acu asat.
27 Óir, an lón bia nár scriosadh le tine,
leáigh sé gan mhoill,
nuair nach ndearnadh ach é a théamh
le spalladh beag gréine.
28 Tharla sé seo chun go dtuigfí
nach foláir do dhuine bheith ina shuí roimh éirí gréine
chun buíochas a ghabháil leat,
agus a ghuí a chur suas chugat le lonradh an lae.
29 Óir tiocfaidh leá an tseaca geimhridh
ar dhóchas an duine dhíomaigh,
agus snífidh sé leis mar uisce fuíll.

Dorchadas agus Solas

17 Is mór iad do bhreithiúnais, a Thiarna,
agus tá sé deacair iad a léirmhíniú;
sin é an fáth a ndeachaigh na dubh-ainbhiosáin ar strae.
2 Óir, nuair a shíl lucht na míréire
an náisiún naofa a choinneáil faoi smacht,
rinneadh priosúnaigh an dorchadais
agus cimí na hoíche fada díobh,
agus bhí siad ina luí faoi ghlas faoi dhíonta a dtithe féin
mar theifigh ó oirchill shíoraí Dé.
3 Mar, díreach nuair a bhí siad ag ceapadh
nach dtabharfaí a bpeacaí rúin faoi deara,
toisc iad a bheith folaithe faoi bhrat dubh na díchuimhne,
cuireadh scaipeadh na mionéan orthu,
agus bhí siad ar aon bharr amháin creatha
agus iad á scanrú ag na nithe a bhí á dtaibhreamh dóibh.
4 Fiú amháin na seomraí cúil ina raibh siad
níor chosain siad ar an imeagla iad;
bhí fuaimeanna scéiniúla ag plimpíl ina dtimpeall;
thaispeáin taibhsí cromshúileacha gruama iad féin dóibh;

[5] ní raibh sé de chumhacht ag tine ar bith solas a sholáthar dóibh,
ná níor fhéad gathanna geala na réaltaí
an oíche dhúdhorcha úd a shoilsiú ach oiread.
[6] Ní raibh ag lonrú orthu tríd an dorchadas
ach bladhairí scanrúla a las suas uathu féin.
Le neart an anbhá a chuir an fhís dhoiléir sin orthu,
cheap siad go raibh na nithe a chonaic siad
níos measa ná mar a bhí siad dáiríre.
[7] Bhí cleasaíocht a gcuid draíochta gan éifeacht;
agus an chlisteacht a mbídís ag maíomh aisti
cáineadh go feanntacht fonóideach í.
[8] Óir, an dream a thug orthu féin
eagla agus buairt a dhíbirt ón anam tinn,
bhí siad féin chomh tinn sin de dheasca a n-imní
go ndearnadh ceap magaidh díobh.
[9] Óir, d’ainneoin nach raibh aon arrachtach ann
chun iad a scanrú,
chuir gluaiseacht feithidí agus sioscarnach nathrach scaoll iontu;
[10] bascadh go hiomlán iad le corp critheagla
agus iad ag diúltú fiú amháin aghaidh a thabhairt ar an aer féin,
rud nach féidir éalú uaidh áit ar bith.

11 Is meata an ní í an mhallaitheacht inti féin
agus daortar ar a fianaise féin í.
Faoi bhrú a coinsiasa, bíonn sí ag déanamh áibhéile i gcónaí
ar na tubaistí a bhíonn ag bagairt uirthi.
12 Óir níl san eagla
ach tréigean na cabhrach a sholáthraíonn an réasún;
13 nuair a laghdaítear ón taobh istigh de dhuine
an tsúil atá aige le cúnamh, is mó a ghoilleann sé air
é bheith aineolach faoi fhíorchúis na hainnise.
14 Mar sin de, i rith na hoíche sin,
nach raibh cumhacht dá laghad aici,
agus a bhí tar éis teacht aníos orthu
ó phrochóga ifrinn éagumasaigh,
chodail siad go léir ar an gcuma chéanna;
15 uaireanta, bhí siad á dtiomáint ag taibhsí urghránna;
uaireanta eile, bhí siad ina staic
toisc gur chlis a n-anamacha orthu;
óir, i dtobainne, bhuail eagla iad nach raibh coinne acu léi.

16 Cibé ar bith duine a bhí ann, mar sin, thit sé ar lár mar a raibh sé
agus bhí sé á choimeád mar chime i gcarcair gan ghlas.

17 Cibé acu a bhí sé ina fheirmeoir nó ina aoire,
nó ina fhear oibre a bhí ag saothrú san fhásach,
gabhadh é agus b'éigean do an t-angar dosheachanta a fhulaingt;
óir bhí siad go léir cuibhrithe le haon slabhra amháin dorchadais.
18 Agus cibé acu siosarnach na gaoithe,
nó ceol binn na n-éan sna crainn leathanghéagacha,
nó monabhar tomhaiste srutháin mhearchúrsaigh,
nó tormán toll cloch ag titim hé haill,
19 nó trostal trom ainmhithe dofheicthe ar léim lúith,
nó búiríl agus béiceach beithíoch garbhallta,
nó macalla a frithchaitheadh ó ascaillí na gcnoc a bhí ann,
rinneadh staic díobh go léir le teann imeagla.
20 Bhí an saol go léir á shoilsiú le solas geal
agus ag dul i mbun a ghnóthaí gan chosc gan cheangal.
21 Is thar an dream eile úd amháin a leath an oíche thromdhorcha,
samhail den dorchadas a raibh sé i ndán dó glacadh leo;
ach is mó a bhí siad féin ina dtrillín orthu féin ná mar a bhí an dorchadas.

18 Bhí solas sárgheal ann do do chuid naomh;
chuala a naimhde, áfach, a nglór, ach ní bhfuair siad
aon radharc orthu,
agus ó nach raibh siad tar éis pianpháis a fhulaingt mar iad féin

bhí siad á rá gur mhéanar dóibh.
[2] Bhí siad buíoch díobh, freisin,
toisc nach ndearna siad aon dochar dóibh
d'ainneoin go ndearnadh leatrom orthu féin roimhe sin;
agus d'iarr siad mar ghrásta orthu imeacht.
[3] Mar sin de, in ionad an dorchadais,
sholáthraigh tú colún lasrach
mar threoraí dóibh ar bhóthar anaithnid,
agus mar ghrian neamhdhíobhálach le linn
a n-imirce glórmhaire.
[4] Bhí sé tuillte, ar ndóigh, ag a naimhde go mbainfí an solas díobh
agus go mbeidís ina gcimí sa dorchadas;
óir bhí siad tar éis do chlann mhac a choimeád i mbraighdeanas
ar tríothu a thabharfaí solas domhúchta an dlí don saol.

An Deichiú Plá agus an tÉalú

[5] Shocraigh siad ar naíonáin na naomh a mharú;
bhí leanbh amháin ina measc, áfach,
a cuireadh amach ach a sábháladh,
chun cúiteamh a bhaint díobh ar ball.
Is amhlaidh a chuir tú slua mór dá leanaí dá gcois

agus dhíothaigh tú iad go léir le chéile san uisce domhain.
6 Tugadh fáistine dár sinsir i dtaobh na hoíche sin,
ionas go nglacfaidís misneach nuair
a bheadh a fhios acu go cinnte
cén sórt iad na mionnaí ar chuir siad a muinín astu.
7 Bhí do phobal ag súil
le slánú na bhfíréan agus le léirscrios na naimhde.
8 Óir, faoi mar a smachtaigh tú ar naimhde,
sin mar a ghlaoigh tú chugat féin sinn
agus a thug gradam dúinn dá bharr.
9 Óir bhí íobairt á hofráil faoi cheilt
ag clann chráifeach na bhfíréan,
agus de thoil a chéile rinne siad an comhaontú diaga seo,
go mbeadh siad rannpháirteach sna maitheasaí céanna
agus sna contúirtí céanna chomh maith,
agus iomainn mholta na sinsear á gcanadh acu
mar réamhcheol cheana féin.
10 Mar fhreagra air sin bhí a naimhde ag ligean
gártha míbhinne astu,
agus chualathas ar fud na dúiche
an caoineadh agus an t-olagón a bhí siad a dhéanamh ar son a leanaí.

[11] Cuireadh an pionós céanna ar sclábhaí agus ar a mháistir araon;
agus bhí an phianpháis chéanna á fulaingt
ag an ngnáthdhuine agus a bhí ag an rí.
[12] Ag gach uile dhuine acu bhí líon do-áirithe marbhán
a fuair bás ar an gcuma chéanna;
níor leor na beo féin chun iad a adhlacadh
mar díothaíodh an chuid ab uaisle dá gclann
in aon nóiméad amháin.
[13] Óir, siúd is nár chreid siad ní ar bith
de dheasca a gcuid asarlaíochta,
nuair a díscíodh a gcéadghineanna
d'admhaigh siad gurbh é mac Dé é an pobal.

[14] Nuair a bhí gach uile ní faoi chiúnas caoin
agus an oíche i lár a mearchúrsa,
[15] léim do bhriathar uilechumhachtach anuas ó na flaithis,
óna chathaoir ríoga, isteach i lár na tíre damnaithe,
mar churadh cruachroíoch
[16] agus claíomh géar do reachta dho-athraithe ina láimh aige.
Nuair a thuirling sé, leath sé an bás ar fud na tíre go léir;
agus theagmhaigh sé fós leis an spéir
d'ainneoin go raibh ina sheasamh ar an talamh.

17 Ansin chuir na taibhsí a chonaic siad i mbrionglóidí
trí chéile iad go mór ar an mball,
agus gabh eagla agus uafás iad gan choinne.
18 Caitheadh síos ar an talamh iad leathmharbh,
duine anseo agus duine eile ansiúd,
agus nocht siad cén fáth a raibh siad ag fáil bháis.
19 Óir, na taibhrimh a chuir trí chéile iad,
thug siad an t-eolas seo dóibh roimh ré
ionas nach gcaillfí iad agus gan a fhios a bheith acu,
cén fáth a raibh pianpháis á fulaingt acu.

20 Theagmhaigh an bás leis na fíréin chomh maith
agus bascadh slua mór díobh san fhásach;
ach níorbh fhada a lean an díbheirg.
21 Óir ba ghearr gur thosaigh fear gan smál ag troid ar a son,
agus é ag beartú airm a sheirbhíse sagartúla,
an urnaí agus an túis leorghníomhach;
is amhlaidh a sheas sé in aghaidh na díbheirge
agus a chuir sé deireadh leis an anachain,
rud a thaispeáin gurbh é do shearbhónta é;
22 ní le neart coirp nó le treise lann, áfach,
a threascair sé an díbheirg,

ach ba lena bhriathar amháin a cheansaigh sé an smachtóir,
nuair a thug sé chun cuimhne
na conarthaí faoi mhionn a rinneadh lenár sinsir.
23 Nuair a bhí na marbháin tar éis titim cheana féin
ar mhullach a chéile ina gcairn,
sheas seisean suas i lár baill, agus bhrúigh sé an díbheirg siar
agus dhún sé an bealach chun na mbeo uirthi.
24 Óir bhí an domhan go léir á chomharthú ar a róba lánfhada,
agus ainmneacha oirirce ár sinsear
greanta ar na ceithre shraith de chlocha lómhara,
agus do mhórgacht féin á léiriú ar an gcoróin a bhí ar a cheann.
25 Ghéill an scriostóir do na nithe seo, mar b'eagal leis iad.
Óir ba leor do na fíréin blaiseadh a fháil den díbheirg.

An Mhuir Dhearg

19 Ach d'ionsaigh díbheirg neamhthrócaireach
na héagráifigh go bun an angair,
mar bhí a fhios [ag Dia] roimh ré céard a dhéanfaidís:
2 Is é sin, go gceadóidís do do phobal imeacht
agus go seolfaidís uathu iad gan mhoill ar dtús,
ach ansin go dtiocfaidís ar mhalairt intinne

agus go rachaidís sa tóir orthu.
3 Óir, cé go raibh siad gafa fós ag na gnása adhlactha,
agus ag déanamh mairgní ar bhruacha uaigheanna na marbh,
tharraing siad chucu scéim bhaoth eile:
mar atá, na daoine a raibh siad
tar éis a iarraidh orthu mar ghrásta imeacht
a thóraíocht mar theifigh.
4 Is amhlaidh a bhí cinniúint éigin, a bhí tuillte acu,
á mbrú i dtreo na críche déanaí seo
agus ag tabhairt orthu dearmad a dhéanamh
ar a raibh tar éis titim amach dóibh cheana féin,
ionas go bhfulaingeoidís roimh [a mbás] an t-aon phionós amháin dá bpianpháis a bhí fágtha,
5 agus chun go ndéanfadh do phobal féin turas trasna míorúilteach
ach go bhfaigheadh an dream eile úd bás éagsúlach.

An Nádúr

6 Óir bhí an chruthaíocht uile á dealbhú féin as an nua
ina nádúr agus ag géilleadh do d'aitheanta
ionas go gcoimeádfaí do chlannsa slán ó dhochar.

7 Chonacthas an scamall ag caitheamh scáile ar an gcampa
agus talamh tirim ag éirí aníos mar a raibh uisce roimhe sin;
rinneadh bealach gan bhac den Mhuir Rua
agus machaire féarmhar den fharraige fhraochmhar
8 trínar ghabh an náisiún go léir
a bhí faoi dhídean do láimhe, in aon bhuíon amháin,
tar éis dóibh éachtaí iontacha a fheiceáil.
9 Ansin bhí siad ag ceáfráil ar nós capall ar féarach,
agus ag léim timpeall cosúil le huain
agus iad do do mholadh, a Thiarna,
mar is tusa a d’fhuascail iad.
10 Ba chuimhin leo go fóill
an saol eachtrach a chaith siad le linn a ndeoraíochta:
conas mar a thug an talamh corrmhíolta uaidh
in ionad ainmhithe,
agus mar a sceith an abhainn lear mór froganna in áit báirí eisc,
11 agus mar a chonaic siad cineál nua d’éanlaith ina dhiaidh sin
nuair a d’iarr siad sócamais le haonchorp suthaireachta.
12 Óir, chun sásamh a thabhairt dóibh,
tháinig na gearra goirt isteach chucu ón bhfarraige.

Na hÉigiptigh Contach

13 Imríodh díoltas ar na peacaigh,
ach ní dhearnadh é gan rabhadh a thabhairt dóibh
roimh ré trí dhéine na gcaor tine.
Go deimhin, de dheasca a gcoireanna féin,
is le ceart a bhí pianpháis á fulaingt acu;
óir ba nimhní ná aon fhuath a bhí ann riamh roimhe sin,
an ghráin dhearg a bhí acusan ar a n-aíonna.
14 Is amhlaidh a bhí daoine eile ann tráth,
nach ndearna ach diúltú glacadh le strainséirí
nuair a tháinig siad ar cuairt chucu;
ach rinne an dream seo sclábhaithe d'aíonna,
a bhí tar éis comaoin a chur orthu.
15 Ach ní hé sin amháin é.
Óir, cibé ar bith maolú pionóis a bheidh ann,
bainfidh an chéad dream leas as
mar ní raibh siad ach ag doicheall roimh allúraigh.
16 Ní amhlaidh sin don dara dream, áfach.
Óir chuir siadsan fáilte agus fleá roimh do phobal
agus bhronn siad orthu na cearta céanna agus a bhí acu féin;

ach ansin chiap siad iad
le daoroibreacha dianmhaslacha.
17 Ar nós an chéad dreama a bhí ina seasamh ag doras an fhíréin,
baineadh radharc na súl den dara dream freisin,
ach thit dorchadas chomh tiubh leathan sin orthu
go raibh gach uile dhuine acu ag amarcaíl ar lorg a dhorais féin.

Cló Nua ar an Dúlra

18 Óir comhcheanglaíodh na dúile le chéile i slite éagsúla,
go díreach mar a atheagraítear nótaí na cruite
chun foinn le rithimí nua a dhéanamh,
ach gan nóta díobh a airde cheart féin a chailleadh.
Sin é an tátal soiléir atá le baint as iniúchadh
a dhéanamh ar a bhfuil tar éis titim amach.
19 Óir rinneadh ainmhithe uisce de bheithígh thalún,
agus d'aistrigh snámhairí leo go talamh tirim.
20 Go fiú san uisce, choinnigh an tine a gnáthfhuinneamh féin,
agus rinne an t-uisce féin dearmad ar a éifeacht mhúchta.
21 Ar an taobh eile de, theip ar na lasracha
feoil na n-ainmhithe somhillte
a bhí ag gabháil timpeall ina measc a ídiú;

agus ní mó ná sin a leáigh siad
an bia oighearchruthach soleáite neamhaí.

Críoch

22 Óir, ar gach uile shlí, a Thiarna,
thug tú ardréim agus gradam do do phobal,
agus níorbh fhaillí duit gan seasamh leo
riamh agus i gcónaí i ngach aon bhall.